



Treoirleabhar do Ghrúpaí Glór

CLÁR

1. Bunadh agus clárú grúpa teaghlaigh Glór	2
2. Critéir	3
3. Buntáistí clárú le Glór	4
4. Eagrú grúpa tuistí agus leanaí	5
5. Féilire féideartha d'eagrú imeachtaí	7
6. Rialacha	8
7. Cód Iompair	11
8. Cód Cleachtais Um Chosaint Leanaí agus Daoine Óga	12
9. Foirm chlárucháin do theaghlach aonair	13
10. Foirm chlárucháin do ghrúpaí	14
11. Foirm Thuairisc Thimpiste	15
12. Mionsonraí teagmhála	16

Bunadh agus clárú Ghrúpa Ghlór

Tá sé de chúraim ag Glór na nGael tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí ar mian leo an Ghaeilge a bheith mar phríomhtheanga baile acu. Beidh grúpaí tuistí is leanaí nó grúpaí teaghlaigh a eagraíonn imeachtaí le tacaíocht Ghlór na nGael ag feidhmiú faoi ainm Ghlór.

Bíonn Glór:

- Ag cur teaghlaigh in aithne dá chéile;
- Ag cur seirbhís eolais ar fáil do theaghlaigh; agus
- Ag eagrú ócáidí sóisialta do theaghlaigh a bhfuil an Ghaeilge acu mar theanga baile.

Más mian le grúpa teaghlach nó teaghlaigh aonaracha clárú le Glór na nGael ní gá ach ainmneacha agus mionshonraí teagmhála na dteaghlach atá páirteach ann a sholáthar do Ghlór na nGael.

Is gá ainm teagmhálaí agus mionshonraí teagmhála bheith ag Glór na nGael ar dhuine den ghrúpa a bheidh mar phríomhtheagmhálaí.

Is gá do rannpháirithe in imeachtaí faoi scath Ghlór na nGael iad féin a chur ar an eolas faoi pholasaithe shláinte agus shábhailteachais agus polasaí chosaint leanaí de chuid Glór na nGael.

Iarrtar ar theaghlaigh Ghaeilge agus teaghlaigh dhátheangacha ar mhaith leo tacaíocht agus ar theaghlaigh ar suim leo dul ar thuras teanga teagmháil a dhéanamh le Glór na nGael ag fiosru@glornangael.ie nó ar ghuthán ag +353 46 943 0974.

Tugann an dociméad seo a leanas an t-eolas atá de dhíth le Grúpa Ghlór a bhunadh.

Critéir Ghrúpaí Ghlór

Is é bunspríoc ghrúpaí Ghlór ná an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga teaghlaigh.

Aithníonn Glór go bhfuil trí chineál de theaghlach san obair seo:

- Teaghlaigh lán Ghaeilge, gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an teaghlaigh;
- Teaghlaigh dhátheangacha nach bhfuil Gaeilge ag duine de na tuismitheoirí nó roinnt de na siblíní; agus
- Teaghlaigh Bhéarla ar mhaith leo nósmaireacht teanga an teaghlach a athrú.

Is bun-chritéir é bheith bainte le Grúpa Ghlór na nGael ná go dtiteann an teaghlach faoi cheann den trí chineálacha thuas luaite.

Is gá do na teaghlaigh polasaithe Ghlór a leanúint ag imeachtaí Ghlór.

Is gá mionshonraí teagmhála do gach teaghlach sa ghrúpa a sholáthar do Ghlór na nGael agus duine amháin acu a bheith ainmnithe agus aitheanta mar phríomhtheagmhálaí.

Is gá go mbíonn Glór aitheanta in aon phoiblíocht a bhaineann le tacaíocht ó Ghlór.

Buntáistí clárú le Glór

Tá an dátheangachas ar cheann de na bronntanais is fiúntaí a dtiocfadh le tuismitheoir bronnadh ar pháiste.

Léiríonn taighde go mbíonn daoine a tógadh go dátheangach níos fearr ní amháin ag foghlaim teangacha eile ach ar an mheán bíonn siad níos fearr ag dul don mhata agus foghlaim ginearálta.

Tugann Glór na nGael tacaíocht agus comhairle do theaghlaigh dhátheangacha.

Is féidir le teaghlach ar bith a chláraíonn le Glór tairbhe a bhaint as na seirbhísí seo a leanas:

- Comhairle faoi thógail páistí le Gaeilge;
- Eolas faoi imeachtaí Ghlór na nGael;
- Clúdach árachais ag imeachtaí atá cláraithe le Glór na nGael; agus
- An deis aithne a chur ar theaghlaigh eile atá ag tógail páistí le Gaeilge.

Eagrú Grúpa Tuistí agus Leanaí

Aidhmeanna:

1. Timpeallacht spreagúil a chruthú do pháistí óga, ina bhfuil siad in ann bualadh le chéile agus bheith ag spraoi go sábháilte agus go compordach;
2. Páistí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid;
3. Deis a thabhairt do thuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu, í a úsáid le thuismitheoirí eile;
4. Cabhrú le sealbhú agus cothú Ghaeilge na bpáistí, i suíomh nádúrtha;
5. Nasc teanga a chothú idir na páistí agus idir an thuismitheoir; agus
6. Tuismitheoirí a mhealladh chun an rogha dearfach a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt sa bhaile.

Cad é tá le déanamh:

Is í an láthair oiriúnach sábháilte an chéim is bunasaí agus imeacht á eagrú. Is fiú na féidearthachtaí uile sa cheantar a fhiosrú - hallaí paróiste, scoileanna agus hallaí poiblí eile - le teacht ar an rogha is fearr. Fiosraigh na háiseanna agus acmhainní atá ar fáil sna háiteanna seo. Tá sé an-tábhachtach go mbeidh go leor spáis ar fáil do thuismitheoirí agus do pháistí le bogadh thart timpeall an tseomra gan bualadh i gcoinne trealaimh ná páistí eile.

Agus an áit cheart aimsithe:

1. Déan fógraíocht ar an ghrúpa sa cheantar; agus
2. Cur liosta teagmhála le chéile de theaghlaigh ar suim leo an Ghaeilge nó paistí a thógáil trí mheán na Gaeilge.

Cad é tá de dhíth:

Is bunriachtanais iad na bréagáin agus bheadh ábhar spraoi mar seo a leanas úsáideach do ghrúpa tuistí agus leanaí (le páistí 0-3):

- Mata/ruga mór
- Bréagáin a chrochann ó fhráma

- Bréagáin ar rothaí ar féidir iad a tharraingt
- Cuisíní beaga agus móra
- Boird agus cathaoireacha
- Blocanna agus brící
- Leabhair
- Liathróidí
- Uirlisí Ceoil
- Crandaí bogadaí
- Sleamhnán
- Carrannaí srl agus garáiste
- Paipéar is criáin
- Míreanna méaraí
- Bábóga agus pramanna
- Puball agus tolláin
- Cúinne baile le cistin bréagach iomlán

Más é go mbeidh an trealamh seo á roinnt le grúpaí eile is fiú go mór tuiscint soiléir ar phaipéar a bheith ann maidir le húsáid, úinéireacht, cúraim, stóráil agus freagrachtaí don trealamh. Is féidir le Glór cuidiú le stoc teoranta bréagán a chur le chéile.

Bíodh teacht ar bhosca céad chabhrach ann i gcónaí agus eolas ag tuismitheoirí cá bhfuil sé.

Ba chóir go mbeidh tábla agus cathaoireacha ar fáil do na tuismitheoirí féin, chomh maith le háiseanna chun tae agus caife srl a sholáthar. Is féidir le tuismitheoirí ciste beag a bhunadh le díol as tae, caife, bainne nó brioscaí.

Féilire féideartha d'eagrú imeachtaí

Beidh an féilire seo úsáideach do ghrúpaí tuistí is leanaí a bheidh ag eagrú imeachtaí fríd an bhliain. Is féilire é seo a leanann naionraí:

Mí Lúnasa	Plean bhliantúil téamaí agus ábhair
Meán Fómhair	Ag cur aithne ar a chéile, socrú isteach, mothúcháin, sábháilteacht, sláinteachas
D. Fómhair Ainmhithe An Samhain	Mo pheata, feirm, ainmhithe eile, Oíche Shamhna, imní, sábháilteacht, dathanna, bolaithe, An Fómhair An Samhain
Samhain An corp	Na céadfaí, gluaiseacht agus inniúlachtaí, an Fómhair, bolaithe, dathanna, sláinteachas
Nollaig Éadaí An Nollaig	Éadaí gheimhridh, an Nollaig, An Geimhreadh cruthanna, dathanna, tadhall
Eanáir	Éadaí Éadaí difriúla
Feabhra Daoine	Mé féin, teaghlach, cairde, daoine le riachtanais difriúla, daoine a chuidíonn linn
Márta Teach Lá Pádraig	Taobh amuigh, an t-Earrach, an Cháisc, saol úr, dathanna
Aibreán Bia	Bia sláintiúil, bia a itheann daoine difriúla, Ag cur bláthanna, saolré, dathanna, bolaithe, blasanna
Bealtaine Taisteal	Talamh, farraige, spéir, sábháilteacht, radharcanna
Meitheamh An Samhradh	Saoire Samhraidh

Rialacha Ghrúpaí Ghlór

Tá sé ina aidhm ag Glór imeachtaí slán lánGhaelacha a chur ar fáil do theaghlaigh. Tá comhoibriú tuismitheoirí ag teastáil, má táimid chun ár sprioc a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Is í an Ghaeilge an t-aon teanga chumarsáide ag imeachtaí Ghlór. Ní foláir do thuismitheoirí agus do pháistí a thuiscint go bhfuil gá leis an rial lena chinntiú go bhfuil imeacht fiúntach taitneamhach ag cách agus go gcaomhnaítear an timpeallacht teanga. Tarlóidh sé go mbeidh imeachtaí ann do theaghlaigh dhátheangacha agus sa chás seo ní cheadófar Béarla ach nuair is gá é.

Níl sé ceadaithe ag aon pháiste páiste eile a ghortú, mar sin, cuirtear cód iompair i bhfeidhm le linn do na himeachtaí le leas agus sábháilteacht na bpáistí.

Tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí a chinntiú go dtuigeann siad féin agus go dtuigeann a bpáistí na rialacha agus cód iompair seo a leanas

1. An Ghaeilge

- Is trí Ghaeilge a bhíonn imeachtaí Ghlór na nGael ag feidhmiú. Iarraimid ar gach éinne atá ag freastal orthu Gaeilge a labhairt an t-am ar fad.

2. Tuismitheoirí

- Níl sé de dhualgas ar fhostaithe Ghlór na nGael smacht a chur ar pháistí ná feighlíocht a dhéanamh ar pháistí atá ag freastal ar na himeachtaí.
- Iarrtar ar thuismitheoirí smacht a choinneáil ar a bpáistí féin agus fios a bheith acu i gcónaí ar an áit a bhfuil a bpáistí féin.
- Is gá go mbeidh caomhnóir ag gach páiste ag na himeachtaí. Iarrtar ar thuismitheoirí a bheith i láthair nó muna bhfuil sé ar a gcumas acu a bheith ann, socrú a dhéanamh le tuismitheoir eile roimh ré chun a ndualgas a chomhlíonadh.

3. Páistí

- Táthar ag súil le dea-iompair agus dea-bhéasaíocht ó gach páiste.
- Ní ghlacfar le bulaíocht.
- Níl cead ag páistí béicíl a dhéanamh le páistí eile nó páistí eile a ghortú nó mallachtaí a dhéanamh ar pháistí eile. Ní ghlacfar le haon spraoi gharbh.

4. An Timpeallacht

- Pé láthair ina mbíonn imeachtaí Ghlór, is gá é a choimeád glan agus meas a léiriú ar an timpeallacht agus ar na háiseanna.

Má scriostar bréagáin nó trealamh de bharr spraoi ghairbh, gearrfar táille ar thuismithoeirí nó ar an té atá freagrach leis an damáiste a chlúdach. Má thagann deireadh leis an ghrúpa is gá aon acmhainní neamh-mheatacha a thabhairt ar ais chuig Glór na Gael le go mbeidh teacht ag grúpaí eile orthu.

Cód Iompair do Ghrúpaí Ghlór

Seo a leanas cód cleachtais do Ghrúpaí Glór maidir le bheith ag plé le daoine óga.

Táthar ag súil:

- sábháilteacht gach linbh agus duine óig a chinntiú trí mhaoirseacht chúramach, réamhphleanáil chuí gníomhaíochtaí, agus modhanna sábháilte a úsáid i gcónaí;
- leanaí agus daoine óga a spreagadh agus a threorú chun freagracht a ghlacadh as a n-iompair féin;
- plé le gach leanbh agus duine óg go cothrom agus a chinntiú go mothaíonn siad luach a bheith leo agus nach bhfuiltear ag fabhrú aon duine;
- gach leanbh agus duine óg a spreagadh gan idirdhealú a dhéanamh ar bhonn creidimh, cine, inscne, aicme sóisialta nó easpa cumais;
- gan súgradh garbh nó contúirteach nó bulaíocht a cheadú agus drochttheanga nó iompraíocht mhíchuí a dhímholadh;
- a bheith dearfach agus moladh a thairiscint chun cuspóirí na heagraíochta a chur chun cinn i gcónaí;
- gan ligean d'aon líomhain mí-úsáide dul gan a dhúshlán a thabhairt nó gan a thaifeadadh más cuí. Tarluithe agus timpistí le bheith taifeadta ar fhoirm tarlúintí/timpistí na heagraíochta;
- timpistí nó tarlúintí de mhí-úsáid nó droch-chleachtas líomhnaithe a thuairisciú
- mion-gharchabhair a thabhairt i láthair dhaoine eile
- rochtain a bheith acu ar fhón chun teagmháil a dhéanamh láithreach le seirbhísí éigeandála más gá;
- gan mí-úsáid fhisiciúil, mhothúchánach nó ghnéasach a dhéanamh ar leanaí agus daoine óga;
- rúndacht faoi eolas íogair a choinneáil;
- meas a thabhairt ar agus éisteacht le barúlacha leanaí agus dhaoine óga;
- am a ghlacadh le treoracha faoi ghníomhaíochtaí a mhíniú le cinntiú go dtuigtear i gceart iad;
- caidreamh cuí oibre a fhorbairt le leanaí agus le daoine óga bunaithe ar chomh-mhuinín agus ar chomh-mheas;
- a bheith ina n-eiseamláir, ag léiriú go seasmhach ardchaighdeán iompair
- gan sáruithe rialacha, súgradh garbh nó úsáid substaintí coiscthe a cheadú.

Is féidir le tuismitheoirí iad féin a chosaint ó líomhaintí bréagacha trí:

- gan am a chaitheamh leo féin le leanaí agus le daoine óga ar shiúl ó dhaoine eile;
- gan leanaí agus daoine óga a thabhairt abhaile leo;
- gan garchabhair a thabhairt a mbeidh baint éadaí linbh/duine óig riachtanach mura bhfuil daoine eile i láthair.

Cód Cleachtais Um Chosaint Leanaí agus Daoine Óga

Tá an Cód Cleachtais seo um Chosaint Leanaí bunaithe ar threoirínte agus ar reachtaíocht thíos luaite:

- *ACPC Regional Policy and Procedures Aibreán 2005*
- *Children (NI) Order 1995*
- *Co operating to Safeguard Children DHSSPS 2003*
- *DHSS - Childcare - 'Our Duty to Care'*
- *DHSSPS - Protection of Children and Vulnerable Adults (NI) Order (2003)*
- *The Safeguarding Vulnerable Groups (Northern Ireland) Order 2007*
- *Safe Guarding Vulnerable Adults Regional Adult Protection Policy and Procedural Guidance 2006*
- *The Public Interest Disclosure Act 1998 (RA)*
- *An tAcht um Chúram Leanaí 1991 (PÉ)*
- *Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children, Department of Health and Children 1999. (PÉ)*
- *Our Duty to Care, Department of Health and Children 2002 (PE)*

Oifigeach Ainmnithe

Ma tá buartha faoi aon cheist a bhaineann le cosaint leanaí agus gur mian leat labhairt le duine éigin i nGhlór na n el faoi na buairimh sin, is é Marcas Mac Ruairí an tOifigeach Ainmnithe do chosaint leanaí. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis ag marcas@glornangael.ie no glao a chur ar +353 86 191 9755.

Leas-Oifigeach Ainmnithe

Is í Nóra Welby an Leas-Oifigeach Ainmnithe do chosaint leanaí. Is féidir teagmháil a dhéanamh léi ag nora@glornangael.ie nó ar +353 87 251 8175.

Glór - Foirm Chlárúcháin do theaghlach

Comhlánaigh an leathanach thíos i gceannlitreacha agus seol ar ais chuig Glór na nGael.

Ainm tuismitheora

Seoladh

Guthán

Guthán póca

Rphost

Glacann Glór na nGael grianghraif ag ár gcuid imeachtaí le húsáid in ábhar poiblíocht le labhairt na Gaeilge sa teaghlach a spreagadh. Más é nár mhaith leat go mbainfimid úsáid as aon ghriangraf ina bhfuil do theaghlach, iarraimid ort sin a chur in iúl dúinn.

Glór - Foirm Chlárúcháin do grúpaí

Comhlánaigh an leathanach thíos i gceannlitreacha agus seol ar ais chun na hoifige.

Ainm an ghrúpa _____

Suíomh Ghréasáin an ghrúpa _____

Cathaoirleach: _____ Guthán: _____ r.phost _____

Rúnaí: _____ Guthán: _____ r.phost _____

OCP: _____ Guthán: _____ r.phost _____

Teagmhálaí (do chomhfhreagras i rith uaireanta oifige):

Ainm teagmhalaí _____

Seoladh _____

Guthán _____

Guthán póca _____

R.phost _____

Glacann Glór na nGael grianghraif ag ár gcuid imeachtaí le húsáid in ábhar poiblíocht le labhairt na Gaeilge sa teaghlach a spreagadh. Más é nár mhaith leat go mbainfimid úsáid as aon ghriangraf ina bhfuil do theaghlach, iarraimid ort sin a chur in iúl dúinn.

Foirm Tuairisc Thimpiste

Ainm an té a d'fhreastail ar an duine gortaithe:

Ainm an duine a bhí gortaithe:

Seoladh an duine a bhí gortaithe:

Láthair beacht na timpiste:

Ainm an té a thuairiscigh:

Cén cineál timpiste a bhí ann agus conas a tharla sí:

An raibh céadchabhair in úsáid? Bhí Ní raibh

Ar cuireadh tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas? Bhí Ní raibh

Cé a chuir tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas?

Cathain a cuireadh tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas?

Tá an foirm seo comhlanaith ag:

Aon bheart eile atá le déanamh:

Ar cuireadh fios ar otharcharr? cuireadh Níor cuireadh

Ar cuireadh fios ar na poilíní cuireadh Níor cuireadh

Fíorthaifead atá sna fíricí go léir thuas den timpiste/tarlúint

Síniú: _____

Dáta: _____

Ainm _____

Mionshonraí teagmhála

CONTAE NA MÍ:

Glór na nGael

Ráth Cairn

Baile Átha Buí

Contae na Mí

Teil: +353 46 943 0974 R: fiosru@glornangael.ie

CONTAE AN DÚIN

Glór na nGael

Gaeláras Mhic Ardghail

Cnocán Phádraig Naofa

6b Sráid an tSéipéil Uacht

Iúr Cinn Trá BT34 2DS

Teil: +353 83 442 9811